



2026/1832

29.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1832 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Iúil 2026

maidir le hathnuachan an údaráithe le haghaidh aigéad beansóch mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh scoite, muca lena ramhrú, cránacha, mionspeicis mhucúla lena ramhrú, agus cránacha agus toirc de mhionspeicis mhucúla (sealbhóir an údaráithe: DSM Nutritional Products Ltd atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.), agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/900, (AE) 2018/983, (AE) 2018/1550 agus (AE) 2020/1031

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a athnuachan agus a dheonú.
- (2) Údaraíodh aigéad beansóch ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cránacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/900 ón gCoimisiún ⁽²⁾, le haghaidh mionspeicis mhucúla lena ramhrú agus le haghaidh mionspeicis mhucúla le haghaidh an atáirgthe le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/983 ⁽³⁾ ón gCoimisiún, le haghaidh bainbh scoite le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1550 ⁽⁴⁾ ón gCoimisiún, agus le haghaidh muca lena ramhrú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1550 agus (AE) 2020/1031 ⁽⁵⁾ ón gCoimisiún.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach ar athnuachan an údaráithe le haghaidh aigéad beansóch mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh scoite, muca lena ramhrú, cránacha, mionspeicis mhucúla lena ramhrú, agus cránacha agus toirc de mhionspeicis mhucúla. Iarradh san iarratas go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir 'breiseáin zóiteicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin zóiteicniúla eile'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 27 Eanáir 2026 ⁽⁶⁾ go bhfuil fianaise soláthartha ag an iarratasóir go bhfuil aigéad beansóch fós sábháilte do na spriocspeicis, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Tháinig sé ar an gconclúid freisin gur cheart a mheas gur greannaitheoir craicinn, súl agus conaire riospráide atá in aigéad beansóch agus níor measadh go bhféadfadh sé a bheith ina íogróir craicinn. Luaigh an tÚdarás nach bhfuil togra maidir le coinníollacha an údaráithe bunaidh a leasú nó a fhorlíonadh

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/900 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2016 maidir le húdarú aigéid bheansóch mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cránacha (sealbhóir an údaráithe DSM Nutritional Product Ltd) (IO L 152, 9.6.2016, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/900/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/983 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2018 maidir le húdarú aigéid bheansóch mar bhreiseán beathaithe le haghaidh mionspeicis mhucúla lena ramhrú agus le haghaidh mionspeicis mhucúla le haghaidh an atáirgthe (sealbhóir an údaráithe DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) (IO L 176, 12.7.2018, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/983/oj).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1550 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2018 maidir le hathnuachan an údaráithe le haghaidh aigéad beansóch mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh scoite agus muca lena ramhrú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1730/2006 agus (CE) Uimh. 1138/2007 (sealbhóir an údaráithe DSM Nutritional Products Ltd) (IO L 260, 17.10.2018, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1550/oj).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1031 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2020 maidir le húdarú aigéid bheansóch mar bhreiseán beathaithe le haghaidh muca lena ramhrú (sealbhóir an údaráithe DSM Nutritional Products Ltd. atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) (IO L 227, 16.7.2020, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1031/oj).

⁽⁶⁾ EFSA Journal [Iris EFSA]. 2026;24:e9919. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.9919>.

san iarratas ar athnuachan an údaraithe, rud a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht an bhreiseáin. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhreiseáin i gcomhthéacs na hathnuachana ar an údarú. Níor mheas sé go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.

- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn an mheasúnaithe a rinneadh i ndáil leis an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar aigéad beansóch mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs an údaraithe roimhe seo, ba é meas na Saotharlainne Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾, níl gá leis an tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha dá bhrí sin.
- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann aigéad beansóch na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan le haghaidh bainbh scoite, muca lena ramhrú, cránacha, mionspeicis mhucúla lena ramhrú, agus cránacha agus toirc de mhionspeicis mhucúla. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (7) Mar thoradh ar údarú aigéid bheansóch mar bhreiseán beathaithe a athnuachan, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2016/900, (AE) 2018/983, (AE) 2018/1550 agus (AE) 2020/1031 a aisghairm.
- (8) Ós rud é nach gceanglaítear, ar chúiseanna sábháilteachta, go gcuirfear na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú aigéid bheansóch i bhfeidhm láithreach, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaraithe

Údarú na substainte a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin zóiteicniúla eile', déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Aisghairm

Aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2016/900, (AE) 2018/983, (AE) 2018/1550 agus (AE) 2020/1031.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán beathaithe aigéad beansóch, mar a údaraítear é le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2016/900, (AE) 2018/983, (AE) 2018/1550 agus (AE) 2020/1031 agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, níthe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 18 Feabhra 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 18 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 18 Lúnasa 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 18 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						mg de shubstaint ghníomhach/ kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: breiseáin zóiteicniúla eile (feabhas ar pharaiméadair feidhmíochta: an breisiú meáchain nó an cóimheas idir beatha agus breisiú meáchain)									
4d210	DSM Nutritional Products Ltd, atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.	Aigéad beansóch	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Aigéad beansóch (≥ 99,9 %) Foirm sholadach. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Aigéad beansóch ⁽¹⁾ C ₇ H ₆ O ₂ Uimhir CAS 65-85-0 Eisíontais: — Aigéad talach: ≤ 100 mg/kg — Défheinil: ≤ 100 mg/kg <i>Modhanna anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le haigéad beansóch sa bhreiseán beathaithe, i réamh-mheascáin agus i mbeatha chumaisc a chinneadh: Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta le brath ultraivialeite (CLAF-UV) - EN 17298.	Bainbh scoite	-	5 000	5 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. Ní úsáidfear an breiseán le foinsí eile aigéid bheansóch ná beansóaití. 3. Sonraigh sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, na réamh-mheascán agus na beatha cumaisc: 'Ní thabharfar beatha chomhlántach ina bhfuil aigéad beansóch mar bheatha do bhainbh scoite. 'Beatha chomhlántach ina bhfuil aigéad beansóch, beidh sí measctha go han-mhaith le hábhair bheatha eile ón gcandam laethúil.' 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a	18 Lúnasa 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaráithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
								n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta do na súile agus don chraiceann.	
Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: breiseáin zóiteicniúla eile (laghdú ar pH an fhuail)									
4d210	DSM Nutritional Products Ltd, atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.	Aigéad beansóch	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Aigéad beansóch (≥ 99,9 %) Foirm sholadach. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Aigéad beansóch ⁽¹⁾ C ₇ H ₆ O ₂ Uimhir CAS 65-85-0 Eisíontais: — Aigéad talach: ≤ 100 mg/kg — Défheinil: ≤ 100 mg/kg <i>Modhanna anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le haigéad beansóch sa bhreiseán beathaithe, i réamh-mheascáin agus i mbeatha chumaisc a chinneadh: Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta le brath ultraivialaite (CLAF-UV) - EN 17298.	Muca lena ramhrú	-	5 000	10 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. Ní úsáidfear an breiseán le foinsí eile aigéid bheansóch ná beansóaití. 3. Sonraigh sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, na réamh-mheascán agus na beatha cumaisc: 'Ní thabharfar beatha chomhlántach ina bhfuil aigéad beansóch mar bheatha do mhuca lena ramhrú, cránacha, mionspeicis mhucúla lena ramhrú ná do chránacha agus toirc de mhionspeicis mhucúla. 'Beatha chomhlántach ina bhfuil aigéad beansóch, beidh sí measctha go han-mhaith le hábhair bheatha eile ón gcandam laethúil.'	18 Lúnasa 2036
				Cránacha					
				Mionspeicis mhucúla lena ramhrú Cránacha agus toirc de mhionspeicis mhucúla	-	5 000	5 000		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaráithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
								4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascán le trealamh cosanta pearsanta do na súile agus don chraiceann.	

Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: breiseáin zóiteicniúla eile (feabhas ar pharaiméadair feidhmíochta)

4d210	DSM Nutritional Products Ltd, atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.	Aigéad beansóch	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Aigéad beansóch ($\geq 99,9\%$) Foirm sholadach. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Aigéad beansóch ⁽¹⁾ $C_7H_6O_2$ Uimhir CAS 65-85-0 Eisíontais: — Aigéad talach: ≤ 100 mg/kg — Défheinil: ≤ 100 mg/kg <i>Modhanna anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le haigéad beansóch sa bhreiseán beathaithe, i réamh-mheascán agus i mbeatha chumaisc a chinneadh: Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta le brath ultraivialaite (CLAF-UV) - EN 17298.	Muca lena ramhrú	-	3 000	10 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. Ní úsáidfear an breiseán le foinsí eile aigéid bheansóch ná beansóaití. 3. Sonraigh sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, na réamh-mheascán agus na beatha cumaisc: 'Ní thabharfar beatha chomhlántach ina bhfuil aigéad beansóch mar bheatha do mhuca lena ramhrú. 'Beatha chomhlántach ina bhfuil aigéad beansóch, beidh sí measctha go han-mhaith le hábhair bheatha eile ón gcandam laethúil.'	18 Lúnasa 2036
-------	---	-----------------	--	------------------	---	-------	--------	---	----------------

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						mg de shubstaint ghníomhach/ kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
								4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta do na súile agus don chraiceann.	

(¹) Ar a dtugtar aigéad beinséancarbocsaileach nó aigéad feiniolcarbocsaileach freisin.

(²) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.